Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7374/26**

**CDR 38**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta agus comhalta malartach, arna moladh ag Ríocht na Spáinne, de Choiste na Réigiún – Glacadh |

1. I litir dar dháta an 5 Nollaig 2025[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Carlos MAZÓN GUIXOT, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. I litir dar dháta an 15 Eanáir 2026[2], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Pablo Gustavo BROSETA DUPRÉ, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

3. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 16669/25.
[2] 5441/26.

4. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Carlos MAZÓN GUIXOT, mhol rialtas na Spáinne [3] Juan Francisco PÉREZ LLORCA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach é agus a bhfuil aige sainordú toghchánach aige in údarás réigiúnach, *President de la Generalitat Valenciana* (Uachtarán Rialtas Réigiúnach Valencia), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

5. Ina theannta sin agus chun comhalta a chur in ionad Pablo Gustavo BROSETA DUPRÉ, mhol Rialtas na Spáinne[3] Ruth María MERINO PEÑA, ar ionadaí do chomhlacht réigiúnach í agus atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa, *Secretaria Autonómica de Representación ante la Unión Europea y las Comunidades Autónomas, Generalitat Valenciana* (Leas-Aire Réigiúnach ar a bhfuil freagrach as an Ionadaíocht chuig an Aontas Eorpach agus Réigiúin Fhéinrialaitheacha na Spáinne, Rialtas Réigiún Valencia), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 7377/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[3] 7037/26.